# Ceacht a Sé — Tá sé … 
# Lesson Six — It is … 

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Tá sé dorcha. | It’s dark. |
| | Níl sé dorcha. | It’s not dark. |
| | An bhfuil sé dorcha? | Is it dark? |
| | Nach bhfuil sé dorcha? | Isn’t it dark? |
| | Tá. | Yes (is). |
| | Níl. | No (isn’t). |
| | geal / dorcha | bright / dark |
| | te / fuar / tirim / fliuch | hot / cold / dry / wet |
| | scamallach / grianmhar / gaofar | cloudy / sunny / windy |
| **2.** | Tá an bord mór. | The table is large. |
| | Níl sé beag. | It isn’t small. |
| | mór / beag / trom / éadrom | large / small / heavy / light |
| | glan / salach | clean / dirty |
| | blasta / gránna / milis / géar | tasty / nasty / sweet / sour |
| **3.** | Cá bhfuil an foclóir? | Where is the dictionary? |
| | Tá sé ar an mbord. | It’s on the table. |
| | anseo / ansin / istigh / amuigh | here / there / inside / outside |
| | ar an mbord / ar an bpláta | on the table / on the plate |
| | ar an urlár / ar an díon | on the floor / on the roof |
| | faoin mbord / faoin mbosca | under the table / under the box |
| | sa bhosca / sa chupán | in the box / in the cup |
| | sa mhála / sa chistin | in the bag / in the kitchen |
| | sa bhaile | at home |
| **4.** | Cén dath atá ar an mbord? | What color is the table? |
| | Tá dath donn air. | It’s brown. |
| | dubh / bán / liath / donn / buí | black / white / gray / brown / yellow |
| | gorm / glas / dearg / corcra / bándearg | blue / green / red / purple / pink |
| **5.** | Bhí sé dorcha. | It was dark. |
| | Ní raibh sé dorcha. | It wasn’t dark. |
| | An raibh sé dorcha? | Was it dark? |
| | Nach raibh sé dorcha? | Wasn’t it dark? |
| | Bhí. | Yes (was). |
| | Ní raibh. | No (wasn’t). |
| **6.** | Bíonn sé dorcha. | It is (usually) dark. |
| | Ní bhíonn sé dorcha. | It isn’t (usually) dark. |
| | An mbíonn sé dorcha? | Is it (usually) dark? |
| | Nach mbíonn sé dorcha? | Isn’t it (usually) dark? |
| | Bíonn. | Yes (usually is). |
| | Ní bhíonn. | No (usually isn’t). |

**Comhrá 1**
A: An bhfuil sé scamallach inniu?
B: Níl.  Tá sé te grianmhar.

**Conversation 1**
Is it cloudy today?
No.  It's warm and sunny.

**Comhrá 2**
A: An bhfuil an bord mór?
B: Tá.  Tá sé mór.
A: An bhfuil sé glan?
B: Níl. Tá sé salach.

**Conversation 2**
Is the table large?
Yes. It’s large.
Is it clean?
No. It’s dirty.

**Comhrá 3**
A: Cá bhfuil an leabhar?
B: Tá sé sa bhosca.
A: An bhfuil an bosca sa chistin?
B: Níl.  Tá sé ar an mbord.

**Conversation 3**
Where’s the book?
It’s in the box.
Is the box in the kitchen?
No.  It’s on the table.

**Comhrá 4**
A: An bhfuil Seán sa bhaile?
B: Tá.  Tá sé sa chistin.
A: Níl sé ansin.
B: Tá.  Tá sé faoin mbord.

**Conversation 4**
Is John at home?
Yes.  He’s in the kitchen.
He’s not there.
Yes [he is].  He’s under the table.

**Comhrá 5**
A: An raibh tú sa bhaile aréir?
B: Ní raibh.  Bhí mé sa pháirc.
A: Nach raibh sé fuar?
B: Ní raibh.  Bhí sé te.

**Conversation 5**
Were you at home last night?
No.  I was in the park.
Wasn’t it cold?
No.  It was warm.

**Comhrá 6**
A: An mbíonn sé te in Éirinn?
B: Ní bhíonn.  Bíonn sé fliuch agus fuar.
A: An bhfuil sé fliuch inniu?
B: Níl. Tá sé go deas inniu.

**Conversation 6**
Is it warm in Ireland?
No. It’s wet and cold.
Is it wet today?
No.  It’s nice today.

**Comhrá 7**
A: Dia duit.
B: Dia is Muire duit.
A: Conas tá tú?
B: Tá mé fuar.
A: Tá sé fuar inniu.
B: Tá, ach tá sé tirim.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith, le do thoil.
A: Tá an tae sa chistin, ar an mbord.
B: An bhfuil sé te?
A: Tá.
B: Go raibh maith agat.
A: Fáilte.

**Conversation 7**
Hello.
Hello.
How are you?
I’m cold.
It’s cold today.
Yes, but it’s dry.
Would you like a cup of tea?
Yes [I would], please.
The tea is in the kitchen, on the table.
Is it warm?
Yes.
Thank you.
You’re welcome.